

EOLAS GINEARÁLTA

Tá an rogha ag múinteoirí bunscoile an leagan seo de **Chárta Tuairisce Rang a 6** a úsáid chun faisnéis i scríbhinn a roinnt le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus le iarbhunscoileanna ábhartha maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil páistí. Is cuid de na hábhair don **Phas Oideachais** an cárta tuairisce, agus forbraíodh é chun a chinntiú go mbeadh nádúr comhsheasmhach ag an bhfaisnéis a fhaigheann iarbhunscoileanna.

Agus cárta tuairisce an CNCM á úsáid acu, roinneann múinteoirí faisnéis faoi pháistí de réir na gceithre réimse tuairiscithe seo a leanas:

- Do pháiste mar fhoghlaiméir
- Forás pearsanta agus sóisialta do pháiste
- Dul chun cinn foghlama do pháiste
- Na chéad chéimeanna eile chun tacú le foghlaim do pháiste

Baineann úsáid an fhocail 'Do' le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an pháiste agus tugann sé aitheantas don dá úsáid atá ag an gcárta tuairisce.

Roinneann múinteoirí faisnéis faoi ghnóthachtáil páistí trí úsáid a bhaint as meascán de scálaí rátála agus tráchtairacht cháilíochtúil. Áirítear leis an gcárta tuairisce freisin faisnéis faoi scóir trialacha chaighdeánaithe an pháiste, faoi thinreamh agus faoi phoncúlacht.

Tá rogha eile ag bunscoileanna freisin anuas ar úsáid Chárta Tuairisce Rang a 6, is é sin úsáid a bhaint as *Mo Phróifíl* agus *Próifíl mo Pháiste* chun faisnéis bhreise maidir le daltaí a roinnt leis an iarbhunscoil ábhartha.

Bainfidh bunscoileanna úsáid as an bhfoirm *Achoimre ar Riachtanais Oideachais Speisialta* ón scoilbhliain 2015/2016 ar aghaidh. Táthar ag súil go mbeidh sé sin comhuaineach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a bheith ag tabhairt isteach múnla nua chun tacaíocht a leithdháileadh ar pháistí a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu.

Faigh tuilleadh eolais sna *Ceisteanna Coitianta* ag www.ncca.ie/transfer.



Cuirtear na ceanteidil i láthair san ord céanna leis an gcárta tuairisce ar mhaithe le héascaíocht.

1. SONRAÍ AN PHÁISTE

- **Ainm:** Ainm an pháiste de réir an teastais bhreithe. Ní i gcónaí a bheidh teastas breithe páiste ar fáil don bhunscoil.
- **An t-ainm is fearr leis/léi (má tá sé éagsúil ón teastas breithe):** Is é seo an t-ainm atá in úsáid ag an bpáiste sa scoil má tá sé éagsúil ón teastas breithe.
- **Teanga(cha) baile:** An teanga/na teangacha a labhraíonn an páiste sa bhaile.

2. DO PHÁISTE MAR FHOGHLAIMEOIR AGUS FORÁS SÓISIALTA AGUS PEARSANTA DO PHÁISTE

- Baintear úsáid as an scála rátála chun achoimre a dhéanamh ar bhreithiúnais múinteoirí faoi chlaontaí foghlama an pháiste. Tugann breithiúnais aitheantas ar an treocht a bhí le feiceáil i rang a 6.
- Nuair atáthar ag tuairisciú faoi pháistí a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, ní bhaintear úsáid as an gcolún 'Plean' nó 'P' ach amháin nuair a socraíodh plean do pháistí a fuair tacaíochtaí breise i rang a 6. Baineann na tacaíochtaí sin le Tacaíocht Foghlama agus le múinteoireacht Acmhainne de réir [Contanam Tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais](#) agus [Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 02/05](#), Aguisín 3.
- Is scáth-théarma an téarma plean do phlean foghlama ar bith a socraítear chun tacú leis an bpáiste. Áirítear le samplaí de phleananna a d'fhéadfadh nascadh leis na réimsí tuairiscithe 'Do pháiste mar fhoghlaimoír' agus 'Forás pearsanta agus sóisialta do pháiste' pleananna tacaíochta iompraíochta, Clár Próifíle agus Oideachais an Dalta Aonair (IPLP), Plean Oideachais don Dalta Aonair (IEP). Chríochnaigh an múinteoir an scála rátála trí thagairt a dhéanamh do na spriocanna a aithníodh sa phlean.
- Sa sampla atá ar taispeáint i bhFigiúr 1, chuir an múinteoir tic sa cholún 'P' (plean) in aice leis na míreanna sin ar an gcárta tuairisce a bhain le spriocanna atá i bplean tacaíochta iompraíochta an pháiste. D'úsáid an múinteoir an scála rátála ansin chun fáisnéis a thug aitheantas do dhul chun cinn an pháiste i bhfianaise an *phlean* seo a roinnt.



Figiúr 1: Sliocht as cárta tuairisce ag léiriú úsáid an cholúin 'P'

Your child's social and personal development					
	P	1	2	3	4
Manages and expresses own feelings well				✓	
Is sensitive to others' feelings			✓		
Mixes well with other children			✓		
Behaves well in class	✓		✓		
Behaves well in the playground	✓		✓		

- Ba cheart d'iarbhunscoileanna crostagairt a dhéanamh idir Cárta Tuairisce an pháiste agus an fhoirm *Achoimre ar Riachtanais Oideachais Speisialta* atá le cur ar aghaidh chuig na bunscoileanna ón scoilbhliain 2015-2016 ar aghaidh. Ba cheart do shocruithe atá comhaontaithe ag an leibhéal áitiúil le haghaidh aistriú faisnéise maidir le Riachtanais Oideachais Speisialta leanúint mar atá go dtí go dtabharfaí isetach an fhoirm *Achoimre ar Riachtanais Oideachais Speisialta*.

3. FOGHLAIM DO PHÁISTE I RITH NA BLIANA

3.1 SCÁLÁÍ RÁTÁLA

- I gcás gach ábhar, roghnaigh an múinteoir uimhir amháin ón scála rátála a bhfuil trí phointe air chun achoimre a dhéanamh ar do bhreithiúnas: 1 Ag obair i dtreo ionchas; 2 Ag baint amach ionchas; 3 Chun cinn ar ionchas.
- Thagair breithiúnais múinteoirí maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil i rith na bliana i nginearálta d'ionchais atá bunaithe ar chuspóirí/torthaí ábhair i gcuraclam na bunscoile do rang a 6. Cuireann an pointe tagartha coiteann sin comhsheasmhacht chun cinn ó thaobh na faisnéise a roinntear le tuismitheoirí agus le hiarbhunscoileanna.
- I gcás páiste a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus a raibh plean acu chun tacú le foghlaim, cuireadh “✓” breise sa cholún ‘P’ in aice le haon mhír a bhaineann leis an bplean seo.
- Is scáth-théarma an téarma *plean* do phlean foghlama ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag scoil chun tacú leis an bpáiste i rang a 6 e.g. Clár Próifíle agus Oideachais an Dalta Aonair, Plean Oideachais don Dalta Aonair.
- Ba cheart go dtabharfadh faisnéis a roinntear sa scála rátála maidir le foghlaim an pháiste aitheantas d'ionchais atá bunaithe ar an bplean seo agus agus ní ar chuspóirí/torthaí ábhair i gcuraclam na bunscoile do rang a 6.



- Sa sampla atá ar taispeáint i bhFigiúr 2, bhí plean ag an bpáiste agus leithdháileadh tacaíocht foghlama do léitheoireacht i mBéarla ag an am a comhlánaíodh an cárta tuairisce. Tugann an tic le fios go bhfuil gnóthachtáil an pháiste ó thaobh na léitheoireachta de ag *baint amach ionchas* bunaithe ar an IPLP. I bhfianaise nach bhfuil plean indibhidiúil ag an bpáiste do scríbhneoireacht, tugann an tic le fios go bhfuil gnóthachtáil an pháiste ó thaobh na scríbhneoireachta de ag *baint amach ionchas* bunaithe ar chuspóirí torthaí ábhair i gcuraclam na bunscoile do rang a 6.

Figure 2: Sliocht as cárta tuairisce ag léiriú úsáid an cholúin ‘P’

English	P	1	2	3
Communicates with others in a clear and effective way				✓
Understands what is said by others			✓	
Reading	✓		✓	
Writing		✓		

3.2 ÁBHAIR

Gaeilge

- Tá faisnéis faoi dhíolúine páiste ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ar fáil i *dTeastas Díolúine* an pháiste. Ba cheart don bhunscoil an teastas seo a cheangal leis an gcárta tuairisce.

Oideachas Reiligiúnach nó Eiticiúil

- Tagraíonn Oideachas Reiligiúnach nó Eiticiúil don staidéar a dhéantar ar Oideachas Reiligiúnach nó Eiticiúil. Cinntíonn éiteas na bunscoile é sin.
- Tugann faisnéis a roinntear faoi fhoghlaim páiste in Oideachas Reiligiúnach nó Eiticiúil aitheantas do na hionchais atá faisnéisithe ag an gclár atá in úsáid ag an scoil.



4. SCÓIR TRIALACHA CHAIGHDEÁNAITHE

- Cuirtear ar fáil scóir trialacha *rang a 6* an pháiste do Mhatamaitic agus do léitheoireacht i mBéarla. Éileofar scóir trialacha do léitheoireacht i nGaeilge nuair atá páiste ag freastal ar scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.
- Nuair atá siad ar fáil, áirítear scóir trialacha ó *rang a 2 agus rang a 4*. Tugann an fhaisnéis sin léargas forleathan don iarbhunscoil maidir le scóir an pháiste.
- Roinntear gach scór trialach caighdeánaithe mar scóir *STen* amháin. Tacaíonn sé sin le comhsheasmhacht na faisnéise a fhaigheann iarbhunscoil óna bunscoileanna friothálacha.
- Cuirtear ‘Ní thagann i gceist’ nó ‘N/A’ isteach in áit scóir trialach sna cúinsí seo a leanas:
 - I gcás léitheoireachta i nGaeilge nuair atá daltaí ag freastal ar scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
 - I gcás páistí (a) d'fhéadfadh a bheith eisiata ó thrialacha caighdeánaithe [Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0056/2011](#), lch.6

Cabhraíonn na táblaí thíos chun na scóir trialacha a mhíniú. Tugann Tábla 1 forbhreathnú ar na coincheapa a bhaineann le scóir trialacha chaighdeánaithe.

Tábla 1: Forbhreathnú ar na coincheapa a bhaineann le scóir trialacha chaighdeánaithe

Ainm an scóir	An chiall atá leis an scór
Bunscór	Comhaireamh simplí de líon na míreanna a raibh freagraí cearta ag an bpáiste orthu. Is beag is fiú é i ndáil le tuairiscíú feidhmíochta an pháiste.
Grád peircintíle	Léiríonn an grád peircintíle céatadán an ranga nó an aoisghrúpa ábartha a bhfuil scór acu atá cothrom le scór an pháiste nó atá níos ísle ná an scór seo. Ní chiallaíonn sé céatadán na míreanna sa triail a raibh freagraí cearta ag an bpáiste orthu.
Scór caighdeánach	Claochlú de bhunscóir. De ghnáth, bíonn siad idir 55 agus 145, agus bíonn meánscór de 100.
Scór Sten	Scála deich bpointe. Is ionann 1 agus an chatagóir is ísle agus is ionann 10 agus an chatagóir is airde. Faightear an scór STen ó na scóir chaighdeánaithe. Tá an téarma STen bunaithe ar Standard TEN.

Cabhraíonn Tábla 2 le comparáid a dhéanamh idir na scóir STen agus scóir Chaighdeánacha tríd an dá chineál scóir a chothromú. Tugtar tuairiscíní agus na leibhéil clúdaigh a bhaineann leis an dá chineál scóir freisin.

Tábla 2: Scóir STen agus scóir chaighdeánacha a chothromú

Raon na Scór Caighdeánach	Raon na Scór STen	Tuairiscín	Clúdach
115 agus níos mó	8-10	I bhfad os cionn an mheáin	Aon séú is airde de dhaltáí
108 - 114	7	Meánach ard	Aon séú de dhaltáí
93 - 107	5-6	Meánach	Aon trian lár de dhaltáí
85 - 92	4	Meánach íseal	Aon séú de dhaltáí
84 agus faoi	1-3	I bhfad faoin meán	Aon séú is ísle de dhaltáí



5. TINREAMH

- Tugtar líon iomlán na laethanta a raibh an páiste as láthair ón scoil i rith rang a 6 chomh fada le dáta an chárta tuairisce.

6. PONCÚLACHT

- Luaitear na tuairiscíní – ‘An-mhaith’ agus ‘Feabhas ag teastáil’ – i dtéarmaí leathana in aon turas chun aitheantas a thabhairt go bhféadfadh taifid mhionsonraithe faoi phoncúlacht páistí gan a bheith ar fáil

7. DÁTA AN CÁRTA TUAIRISCE

- Seo é an dáta ar chríochnaigh an múinteoir an cárta tuairisce. Tugann an dáta seo pointe tagartha úsáideach don iarbhunscoil nuair atáthar ag léamh nó ag cóipeáil faisnéise atá curtha ar fáil ar an taobh seo den chárta tuairisce e.g. faisnéis faoi thinreamh.

8. AN CHAOI AR FÉIDIR LEAT TUILLEADH TACAÍOCHTA A THABHAIRT D’FHOGHLAIM DO PHÁISTE

- Tugann an múinteoir le fios líon beag moltaí praiticiúla faoin gcaoi ar féidir leis an tuismitheoir tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’fhoghlaim an pháiste. Baineann na moltaí sin go díreach le ceann amháin nó níos mó de na príomhréimsí forbartha a aithníodh níos luaithe trí úsáid a bhaint as na scálaí rátála. Tacaíonn na moltaí leis na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an pháiste.

9. TRÁCHTAIREACHT

- Baineann múinteoirí úsáid as an mbosca tráchta chun mionléiriú a dhéanamh ar na breithiúnais a bhfuil achoimre déanta orthu trí úsáid a bhaint as na scálaí rátála.
- I measc na dtráchtaí a d’fhéadfadh a bheith ann, d’fhéadfadh faisnéis a bheith ann faoin méid a foghlaimíodh agus cé chomh maith is a foghlaimíodh é, na straitéisí is fearr a chabhraigh le foghlaim an pháiste, na réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil agus na chéad chéimeanna eile. D’fhéadfadh an múinteoir cáilitheoir a chur isteach freisin do na scóir trialacha chaighdeánaithe sa chás nár thug siad aitheantas don ghnóthachtáil a léiríodh sa rang i rith na bliana.

